



2025/1896

19.9.2025

CINNEADH (AE) 2025/1896 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2025

maidir leis an ngrúpa saineolaithe a fheidhmíonn mar an Líonra chun Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí a Chosc a bhunú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sáruithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha is ea mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, go háirithe ar chearta leanaí chun na cosanta agus an chúraim is gá ar mhaithe lena ndea-bhail, dá bhforáiltear le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989 ⁽¹⁾ agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (2) Cionta coiriúla tromchúiseacha is ea mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, cionta lena n-éilítear cur chuige cuimsitheach lena gcumhdaítear ciontóirí a ionchúiseamh, íospartaigh leanaí a chosaint agus cosc.
- (3) Le Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ⁽²⁾ tugadh isteach forálacha chun an cosc ar choir na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus ar choir an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí ar líne agus as líne a neartú agus chun íospartaigh na gcoireanna sin a chosaint. Tá an Treoir sin infheidhme sa bhreis ar Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aithnítear ⁽³⁾ na riachtanais speisialta maidir le tacaíocht agus cosaint d'íospartaigh leanaí. I gcomhréir le Treoir 2011/93/AE, tá na Ballstáit le bearta iomchuí a dhéanamh, amhail bearta oideachais agus oiliúna, chun an t-éileamh lena gcothaítear gach cineál teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a dhíspreagadh agus a laghdú. Tá na Ballstáit le gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh freisin, lena n-áirítear tríd an Idirlíon, amhail feachtais faisnéise agus ardaithe feasachta agus cláir thaighde agus oideachais a reáchtáil, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le heagraíochtaí sochaí sibhialta ábhartha agus le páirtithe leasmhara eile, chun feasacht a ardú agus an riosca go mbeadh leanaí ina n-íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí nó an teacht i dtír ghnéasaigh a laghdú. Ina theannta sin, tá na Ballstáit le hoiliúint tráthrialta a chur chun cinn d'oifigigh ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh leanaí na mí-úsáide gnéasaí nó an teacht i dtír ghnéasaigh, lena n-áirítear póilíní túsline, chun a chur ar a gcumas dóibh íospartaigh agus íospartaigh ionchasacha na mí-úsáide gnéasaí leanaí nó an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí ar líne agus as líne a shainaithint agus déileáil leo.
- (4) Tríd an bhfaireachán a rinne an Coimisiún ar chur chun feidhme Threoir 2011/93/AE, fuarthas amach gur minic a bhíonn easpa comhordaithe ag baint le hiarrachtaí na mBallstát mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne agus nach léir a n-éifeachtacht. Áirítear leis sin, *inter alia*, clár nó bearta idirghabhála coiscthe a chur chun feidhme ag gach céim den chosc, chomh maith le cosc atá dírithe ar chiontóirí agus ar dhaoine a bhfuil eagla orthu go bhféadfaidís cion a dhéanamh, agus cosc atá dírithe ar leanaí agus ar a dtimpeallacht. Tá easnaimh san oideachas agus in ardú feasachta freisin. Ina theannta sin, is minic a bhíonn easpa cur chuige comhordaithe i gceist maidir le leanaí a chosaint ar aon chineál foréigin, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach.

⁽¹⁾ An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (1989) Conradh Uimh. 27531. Sraith Chonarthaí de chuid na Náisiún Aontaithe, 1577, lgh. 3-178. Le fáil ag: https://treaties.un.org/doc/Treaties/1990/09/19900902%2003-14%20AM/Ch_IV_11p.pdf (Arna rochtain: an 24 Feabhra 2025).

⁽²⁾ Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/93/oj>).

⁽³⁾ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj>). I mí Iúil 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir sin arb é is aidhm dó cearta íospartaigh uile na coireachta, lena n-áirítear íospartaigh leanaí, a neartú a thuilleadh. Féach an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle, COM/2023/424 final.

- (5) D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, feabhas a chur ar iarrachtaí chun mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc agus a chomhrac ar líne agus as líne agus a áirithiú go dtugtar aghaidh ar na bagairtí a bhaineann leis na coireanna sin san Aontas le bearta coiscitheacha leordhóthanacha, i gcomhréir le straitéis an Aontais maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí ⁽⁴⁾ ('Straitéis an Aontais'), ba cheart an grúpa saineolaithe a fheidhmiú mar an Lónra chun Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí a Chosc ('an Lónra um Chosc') a bhunú.
- (6) Ba cheart an Lónra um Chosc a bhunú mar ghrúpa saineolaithe sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne, agus ba cheart a chúraimí agus a struchtúr a shainiú i gcomhréir le Cinneadh C(2016) 3301 ón gCoimisiún lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus oibriú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin ⁽⁵⁾.
- (7) Ba cheart é a bheith mar phríomhfhócas ag an Lónra um Chosc feabhas a chur ar iarrachtaí i gclár nó i mbearta idirghabhála coiscithe atá dírithe ar leanaí agus ar a dtimpeallacht chun an dóchúlacht go mbeidh leabha ina íospartach a laghdú, agus ar chiontóirí agus ar dhaoine a bhfuil eagla orthu go bhféadfaidís cion a dhéanamh, chun an dóchúlacht go ndéanfaidh na daoine sin cion a laghdú. Ba cheart don Lónra um Chosc cuidiú le neartú na hacmhainneachta san Aontas maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne agus ba cheart dó leas a bhaint as an saineolas ábhartha uile laistigh agus lasmuigh den Aontas, ag freagairt do chur chuige comhtháite maidir le cosaint, cur chuige atá bunaithe ar chearta an linbh. Ba cheart go dtabharfaí le chéile leis an Lónra taighdeoirí, cleachtóirí túslíne agus páirtithe leasmhara eile atá ag obair sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc. Ba cheart go gcumasódh sé aiseolas ó idir cleachtas agus taighde chun cuidiú le tuilleadh riachtanais taighde a shainaithint, rud a neartódh an bonn fianaise do chleachtóirí. Ba cheart go gcuideodh sé leis na Ballstáit clár nó bearta idirghabhála coiscithe atá cuimsitheach, inúsáidte, a ndéantar tástáil eolaíoch orthu, a ndéantar meastóireacht orthu agus atá éifeachtach a chur i bhfeidhm chun leitheadúlacht na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a laghdú ar líne agus as líne san Aontas. Ba cheart don Lónra um Chosc malartú faisnéise a éascú, mar shampla maidir le hábhair oiliúna agus fothú acmhainneachta, chomh maith le taithí agus dea-chleachtais. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar a gcumas do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara eile laigí agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint. Ar deireadh, ba cheart don Lónra tacú leis an gCoimisiún freisin maidir lena obair bheartais ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne, i sineirgí le creataí gaolmhara, go háirithe le Lónra an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme Mholadh (AE) 2024/1238 ón gCoimisiún. ⁽⁶⁾
- (8) Chun go mbeidh an Lónra um Chosc in ann a chúraimí a dhéanamh go leordhóthanach, ba cheart dó a bheith comhdhéanta de chomhaltaí ardcháilithe, speisialaithe, neamhspleách, arna gceapadh ina gcáil phearsanta ag gníomhú dóibh go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail, ionadaithe eagraíochtaí atá gníomhach sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne agus ionadaithe údarais inniúla na mBallstát agus eintitis phoiblí seachas údarais inniúla na mBallstát.
- (9) Ba cheart rialacha maidir le nochtadh faisnéise ag comhaltaí den Lónra um Chosc a leagan síos.
- (10) Ós rud é go bhfuil a dtaithí agus a saineolas ábhartha sách neamhchoitianta, agus mar gheall ar chineál an ábhair, is féidir coinne a bheith leis go soláthróidh comhaltaí den Lónra um Chosc agus comhaltaí dá fhoghrúpa nó dá fhoghrúpaí, chomh maith le saineolaithe iarrtha, comhairle thar a bheith speisialaithe ardleibhéil agus breislúach mór. Tá a gcuid seirbhísí fíor-riachtanach chun clár nó bearta idirghabhála coiscithe atá inúsáidte, a ndéantar dianmheastóireacht orthu agus atá éifeachtach a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun leitheadúlacht na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a laghdú ar líne agus as líne san Aontas agus chun malartú dea-chleachtas a éascú, i gcomhréir le Straitéis an Aontais agus chun tacú leis na bearta a shainítear i dTreoir 2011/93/AE. I bhfianaise an mhéid sin, agus ina saineolaithe ardcháilithe, speisialaithe, neamhspleách dóibh arna roghnú ar bhonn critéir oibiachtúla, tá údar maith le luach saothair a thabhairt do dhaoine aonair a cheaptar i gcáil phearsanta i gcásanna áirithe as na seirbhísí a sholáthraíonn siad faoin gCinneadh seo.

⁽⁴⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún: Straitéis an Aontais maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí COM(2020) 607 final, an Bhruiséil, 24.7.2020.

⁽⁵⁾ Arna fhoilsiú ar Chlár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus Ainmneacha Eintiteas eile den Saghas Céanna: <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups-explained?lang=ga>.

⁽⁶⁾ Moladh (AE) 2024/1238 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2024 maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh (IO L 2024/1238, 14.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2024/1238/oj>).

- (11) Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Bunú an ghrúpa saineolaithe

Bunaítear an grúpa saineolaithe a fheidhmíonn mar an 'Líonra chun Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí a Chosc' ('an Líonra um Chosc').

Airteagal 2

Cúraimí

1. Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an Líonra um Chosc:
 - (a) cúnamh a thabhairt don Choimisiún tionscnaimh bheartais a ullmhú agus a chur chun feidhme sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;
 - (b) comhar agus comhordú a bhunú idir an Coimisiún, na Ballstáit, taighdeoirí ábhartha, cleachtóirí túsline agus páirtithe leasmhara eile maidir le ceisteanna a bhaineann le cur chun feidhme reachtaíocht, chlár agus bheartais an Aontais sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;
 - (c) comhar agus comhordú a bhunú idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha maidir le ceisteanna a bhaineann le clár nó bearta idirghabhála coiscthí atá cuimsitheach, inúsáidte, a ndéantar dianmheastóireacht orthu, a ndéantar tástáil eolaíoch orthu agus atá éifeachtach a chur chun feidhme sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;
 - (d) malartú eolais, taithí agus dea-chleachtas a thabhairt i gcrích, a éascú agus a chothú i réimse an choisc chun leitheadúlacht na mí-úsáide gnéasaí leanaí agus an teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a laghdú ar líne agus as líne;
 - (e) cúnamh a thabhairt don Choimisiún stóras sonraí, torthaí taighde, treoirlínte coisc agus acmhainní clár a bhunú agus a oibriú a bhfuil rochtain orthu i dteangacha oifigiúla éagsúla an Aontais agus, ar an gcaoi sin, a bheith ina mhol le haghaidh acmhainní sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;
2. Soláthróidh an Líonra um Chosc comhairle agus saineolas don Choimisiún i ndáil le gach réimse a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne ag gach céim den chosc agus ag gach leibhéal den tsamhail shochéiceolaíoch, is é sin, an tsamhail lena gcuirtear béim ar an idirghníomhú idir an bhitheolaíocht agus an comhshaol maidir le hionpraíocht a mhúnlú, lena n-áirítear ionpraíocht an duine aonair, ionpraíocht idirphearsanta, ionpraíocht an phobail agus ionpraíocht na sochaí, i gcur chuige ildisciplíneach comhtháite i leith cosaint leanaí, agus go háirithe maidir leis na tionscnaimh seo a leanas:
 - (a) tionscnaimh atá dírithe ar chiontóirí agus ar dhaoine a bhfuil eagla orthu go bhféadfaidís cion a dhéanamh i gcoinne leanaí chun an dóchúlacht go ndéanfaidh duine cion nó go ndéanfaidh duine cion athuair a laghdú, lena n-áirítear déanamh coire a chosc, cóireáil a chur ar dhéantóirí coire, iad a athshlánú agus a ath-imeascadh, agus freagairt an phobail ar ath-imeascadh;
 - (b) tionscnaimh atá dírithe ar leanaí agus ar a dtimpeallacht chun an dóchúlacht go mbeidh leanbh ina íospartach mí-úsáide gnéasaí leanaí agus teacht i dtír ghnéasaigh ar leanaí a laghdú ar líne agus as líne.

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

3. Gníomhóidh an Lónra um Chosc arna iarraidh sin Choimisiún agus áireofar na nithe seo a leanas ar a ghníomhaíochtaí:

- (a) cruinnithe iomlánacha tráthrialta a eagrú;
- (b) tuairimí agus moltaí a sholáthar don Choimisiún maidir le tionscnaimh bheartais an Aontais sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;
- (c) taighde agus bailiú sonraí a éascú, lena n-áirítear trí shuirbhéanna leitheadúlachta, agus scaipeadh eolais den sórt sin a éascú, sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;
- (d) cúnamh a thabhairt don Choimisiún treoirilnte agus caighdeáin an Aontais a fhorbairt maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;
- (e) cúnamh a thabhairt don Choimisiún meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar chláir nó ar bhearta idirghabhála maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne a sholáthraítear san Aontas nó, i gcás ina bhféadfadh sé a bheith ábhartha don Aontas, i dtríú tíortha agus dea-chleachtais a bhunú;
- (f) cúnamh a thabhairt don Choimisiún tacaíocht agus treoraíocht ó shaineolaithe a sholáthar do na Ballstáit chun cláir nó bearta idirghabhála a fhorbairt agus a uas-scálú maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne agus cuidiú le hinaistritheacht dea-chleachtas a áirithiú;
- (g) cúnamh a thabhairt don Choimisiún malartú faisnéise a éascú maidir le hábhair oiliúna ildisciplíneacha agus fothú acmhainneachta do ghairmithe ar fud na mBallstát sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne, nó oiriúnú don chomhthéacs náisiúnta sin, agus laistigh de chórais sláinte trí oiliúint a chur ar ghairmithe cúraim sláinte agus trí bhearta cosanta leanaí a chomhtháthú i gconairí cúraim;
- (h) cúnamh a thabhairt don Choimisiún feachtais ardaithe feasachta agus oideachais a fhorbairt agus a chur i gcrích, nó cúnamh a thabhairt don Choimisiún tacú leis na Ballstáit feachtais ardaithe feasachta agus oideachais a fhorbairt agus a chur i gcrích chun cuidiú le leanaí, tuismitheoirí, cúramóirí agus oideoirí a chur ar an eolas faoi rioscaí agus faoi shásraí coisctheacha sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne, chomh maith le feachtais ardaithe feasachta agus oideachais maidir le déanamh coire a chosc, ar bhonn taighde agus fianaise, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht shábháilte, chuimsitheach agus fhóinteach leanaí;
- (i) freagairt do chomhairliúcháin ó gChoimisiúin maidir le haon ábhar a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne.

Airteagal 3

Comhairliúchán

1. Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an Lónra um Chosc maidir le haon ábhar a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne.

Airteagal 4

Comhaltas

- 1. Beidh suas le 50 chomhalta sa Lónra um Chosc.
- 2. Is iad seo a leanas na comhaltaí:
 - (a) údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus ar theacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;
 - (b) daoine aonair a cheapfar i gcáil phearsanta atá gníomhach sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;
 - (c) eagraíochtaí atá gníomhach sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne;

(d) eintitis phoiblí seachas údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis tríú tíortha, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhíonn ag déileáil le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne.

3. Gníomhóidh comhaltaí a cheapfar i gcáil phearsanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail. Beidh siad ina speisialtóirí ón Aontas nó ó thríú tíortha a mbeidh sáreolas agus sárthaithí acu sa réimse maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne.

4. Féadfar na heagraíochtaí seo a leanas, lena n-áirítear eagraíochtaí ó thríú tíortha, a oibríonn ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal idirnáisiúnta nó ar an leibhéal náisiúnta i mBallstát, a cheapadh mar chomhaltaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (c):

- (a) comhlachais;
- (b) Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ('ENRanna');
- (c) ollscoileanna;
- (d) institiúidí taighde.

5. Le bheith ceaptha mar chomhaltaí, ní mór d'eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), eolas agus taithí atá cruthaithe agus ábhartha a bheith acu ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, i réimsí atá ábhartha maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne san Aontas, lena n-áirítear cláir nó bearta idirghabhála coiscthe a sholáthar ag gach céim den chosc, chomh maith le tacaíocht d'íospartaigh, agus maidir leis an gcur chuige comhtháite atá bunaithe ar chearta an linbh i leith cosaint leanaí.

6. Ainmneoidh na comhaltaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), ionadaí agus beirt ionadaithe mhalartacha chun na cúraimí sa Líonra um Chosc a dhéanamh. Beidh na comhaltaí sin freagrach as a áirithiú go soláthróidh a n-ionadaithe ardleibhéal saineolais. Féadfaidh an Coimisiún ainmniú ionadaí ag an eagraíocht lena mbaineann a dhiúltú má mheasann sé go bhfuil an t-ainmniúchán sin míchuí i bhfianaise na gceanglas a shonraítear sa ghlaó ar iarratais dá dtagraítear in Airteagal 5(1). Sa chás sin, iarrfaidh an Coimisiún ar an eagraíocht lena mbaineann ionadaí eile a cheapadh. Ní dhéanfaidh ach ionadaí amháin ionadaíocht ar gach eagraíocht i ngach cruinniú den Líonra um Chosc.

7. Ainmneoidh na comhaltaí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (d), ionadaí sa Líonra um Chosc a bheidh ag feidhmiú mar an príomhphointe teagmhála, agus beirt ionadaithe mhalartacha. Beidh na comhaltaí sin freagrach as a áirithiú go soláthróidh a n-ionadaithe ardleibhéal saineolais atá ábhartha do chúraimí an ghrúpa nó an fhoghrúpa nó na bhfoghrúpaí, is é sin maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chosc ar líne agus as líne. Ní dhéanfaidh ach ionadaí amháin ionadaíocht orthu i ngach cruinniú. Ní dhéanfaidh ach státseirbhísigh nó fostaithe poiblí ionadaíocht orthu.

8. Comhaltaí nach bhfuil sé ar a gcumas dóibh a thuilleadh rannchuidiú go héifeachtach le pléití an Líonra um Chosc, ar comhaltaí iad nach gcomhlíonann, de réir na tuairime ó roinn an Choimisiúin lena mbaineann, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó comhaltaí a éiríonn as oifig, ní iarrfar orthu a thuilleadh a bheith rannpháirteach in aon chruinniú den Líonra um Chosc ná dá fhoghrúpaí agus féadfar duine a chur ina n-ionad ar feadh a bhfuil fágtha dá dtéarma oifige.

Airteagal 5

Próiseas roghnúcháin

1. Déanfar na comhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (b) agus (c), a roghnú trí ghlaó poiblí ar iarratais a fhoilseofar ar Chlár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus ainmneacha eintiteas eile den saghas céanna ⁽⁸⁾ ('an Clár de Ghrúpaí Saineolaithe'). Thairis sin, féadfar an glao ar iarratais a fhoilsiú ar mhodhanna eile, lena n-áirítear ar shuíomhanna gréasáin tiomnaithe. Sa ghlaó ar iarratais, leagfar amach go soiléir na critéir roghnúcháin, lena n-áirítear an saeolas is gá agus na leasanna a ndéanfar ionadaíocht orthu i ndáil leis an obair atá le déanamh. Is é 4 seachtaine an sprioc-am is giorra le haghaidh iarratas.

⁽⁸⁾ Clár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus ainmneacha eintiteas eile den saghas céanna, le fáil ag: <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/home?lang=ga>.

2. Déanfar próiseas roghnúcháin na gcomhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (b), ar bhealach lena n-áiríteofar ardleibhéal saineolais agus cothromaíochta i dtéarmaí eolais, tionscnamh geografach agus inscne, agus cúraimí sonracha an Líonra um Chosc agus an cineál saineolais is gá á gcur san áireamh.
3. Daoine aonair a dhéanann iarratas ar bheith ceaptha mar chomhaltaí i gcáil phearsanta dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (b), nochtfaidh siad aon imthosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa. Go háirithe, ceanglóidh an Coimisiún ar na daoine aonair sin foirm um dhearbhu leasanna a chur isteach ar bhonn na foirme caighdeánaí um dhearbhu leasanna le haghaidh grúpaí saineolaithe, dá dtagraítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Cinneadh C(2016) 3301, mar aon le *curriculum vitae* tugtha cothrom le dáta, mar chuid dá n-iarratas. Beidh sé riachtanach foirm um dhearbhu leasanna arna comhlánú go cuí a chur isteach chun bheith incháilithe lena cheapadh mar chomhalta i gcáil phearsanta. Déanfar an measúnú ar choinbhleacht leasa i gcomhréir le hAirteagal 11 de Chinneadh C(2016) 3301.
4. Chun go gceapfar eagraíochtaí ina gcomhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (c), ní mór na heagraíochtaí sin a bheith cláraithe sa Chlár Trédhearcachta.
5. Is é Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Imirce agus Gnóthaí Baile ('AS HOME') a cheapfaidh na comhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (b) agus (c) as iarratasóirí a bhfuil inniúlacht acu sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 2, agus a d'fhreagair an glao ar iarratais. A mhéid a bhaineann le comhaltaí atá ag gníomhú i gcáil phearsanta dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (b), má thagann coinbhleacht leasa chun cinn tar éis a gceaptha, glacfaidh AS HOME bearta iomchuí de bhun Airteagal 11 de Chinneadh C(2016) 3301.
6. Ceapfar na comhaltaí le haghaidh sainordú 4 bliana. Fanfaidh siad in oifig nó go ndéanfar iad a ionadú nó go dtí deireadh a dtéarma oifige. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan.
7. Maidir leis na comhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (b), ceapfaidh AS HOME comhaltaí malartacha, faoi na coinníollacha céanna a shainmhínítear in Airteagal 4 agus 5 agus sa ghlaó ar iarratais dá dtagraítear i mír 1, a thiocfaidh in ionad aon chomhalta atá as láthair nó nach bhfuil ar fáil go huathoibríoch.
8. Bunóidh AS HOME painéal ionadaithe iarrthóirí oiriúnacha a fhéadfar a úsáid le hionadaithe a cheapadh do na comhaltaí. Iarrfaidh AS HOME a dtoiliú ar na hiarratasóirí sula gcuirfidh sé a n-ainmneacha leis an bpainéal ionadaithe.

Airteagal 6

Cathaoirleach

Beidh ionadaí ó AS HOME ina chathaoirleach ar an Líonra um Chosc. I bhfianaise an chláir oibre, féadfaidh AS HOME a iarraidh ar ionadaí ó Airmheán Comhpháirteach Taighde Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú nó ar chuid de.

Airteagal 7

Oibríocht

1. Gníomhóidh an Líonra um Chosc arna iarraidh sin ag AS HOME, i gcomhréir le Cinneadh C(2016) 3301.
2. Tionólfar cruinnithe an Líonra um Chosc, i bprionsabal, ar áitreabh an Choimisiúin nó go fíorúil, ag brath ar na himthosca, agus tionólfar iad ar a laghad uair sa bhliain.
3. Soláthróidh AS HOME seirbhísí rúnaíochta. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin ó ranna eile den Choimisiún a bhfuil leas acu sna himeachtaí freastal ar chruinnithe den Líonra um Chosc agus dá fhoghrúpaí.
4. I gcomhaontú le AS HOME, féadfaidh an Líonra um Chosc a chinneadh, le tromlach simplí dá chomhaltaí, plé a dhéanamh go poiblí.
5. Beidh na miontuairiscí ar an bplé a dhéanfar ar gach pointe ar an gclár agus ar na tuairimí ón Líonra um Chosc fóinteach agus iomlán. Is í an rúnaíocht, faoi fhreagracht an Chathaoirligh, a dhreachtóidh na miontuairiscí.

6. A mhéid is féidir, is de chomhthoil a ghlacfaidh an Lónra um Chosc a thuairimí, a mholtaí agus a thuarascálacha. I gcás vóta, cinnfear toradh na vótála trí thromlach simplí de na comhaltaí. Na comhaltaí a chaith vóta freasúra nó a staon ó vótáil, beidh sé de cheart acu go gcuirfí i gceangal leis na tuairimí, na moltaí nó na tuarascálacha doiciméad lena ndéanfaí achoimre ar na cúiseanna lena seasamh.

Airteagal 8

Foghrúpaí

1. Féadfaidh AS HOME foghrúpaí a bhunú chun cúnamh a thabhairt maidir le ceistanna sonracha ar bhonn téarmaí tagartha arna sainiú ag AS HOME. Oibreoidh na foghrúpaí i gcomhréir le Cinneadh C(2016) 3301 agus tuairisceoidh siad don Lónra um Chosc. Déanfar foghrúpaí a lánscore a luaithé a chomhlíonfar a sainordú.

2. Féadfaidh foghrúpaí a bheith comhdhéanta de chomhaltaí nach comhaltaí den Lónra um Chosc iad. Comhaltaí na bhfoghrúpaí nach comhaltaí den Lónra um Chosc iad, roghnófar iad trí ghlaó poiblí ar iarratais, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chinneadh seo agus i gcomhréir le Cinneadh C(2016) 3301.

Airteagal 9

Saineolaithe iarrtha

Féadfaidh AS HOME cuireadh a thabhairt do shaineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe ó thríú tíortha, a bhfuil saineolas sonracha agus ábhartha acu maidir le hábhar atá ar an gclár oibre, páirt a ghlacadh in obair an Lónra um Chosc nó a fhoghrúpaí ar bhonn *ad hoc*. Féadfar gairmithe sláinte poiblí agus meabhairshláinte a bhfuil baint acu le cosaint leanaí a áireamh ar na saineolaithe sin.

Airteagal 10

Breathnóirí

1. Féadfar stádas breathnóra a bhronnadh ar dhaoine aonair, ar eagraíochtaí agus ar eintitis phoiblí nach údarais na mBallstát iad, lena n-áirítear ó thríú tíortha, i gcomhréir le Cinneadh C(2016) 3301, trí chuireadh díreach a thabhairt dóibh.

2. Eagraíochtaí agus eintitis phoiblí a cheapfar ina mbreathnóirí, ainmneoidh siad a n-ionadaithe.

3. Féadfaidh an Cathaoirleach cead a thabhairt do bhreathnóirí agus d'ionadaithe breathnóirí páirt a ghlacadh i bpléití an Lónra um Chosc agus a fhoghrúpaí agus saineolas a sholáthar. Mar sin féin, ní bheidh cearta vótála ag breathnóirí ná ag ionadaithe breathnóirí agus ní bheidh siad rannpháirteach i bhfoirmiú moltaí, tuarascálacha ná tuairimí an Lónra um Chosc agus a fhoghrúpaí.

Airteagal 11

Rialacha nós imeachta

Maidir le togra ó AS HOME agus i gcomhréir leis, glacfaidh an Lónra um Chosc a chuid rialacha nós imeachta trí thromlach simplí dá chomhaltaí, ar bhonn an teimpléid chaighdeánaigh le haghaidh rialacha nós imeachta do ghrúpaí saineolaithe, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Chinneadh C(2016) 3301. Comhlíonfaidh foghrúpaí rialacha nós imeachta an Lónra um Chosc.

*Airteagal 12***An rúndacht ghairmiúil agus faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil**

Na comhaltaí den Líonra um Chosc agus dá fhoghrúpaí agus a n-ionadaithe, chomh maith le saineolaithe agus breathnóirí iarrtha, tá siad faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla, a bhfuil feidhm aici, de bhua na gConarthaí agus na rialacha lena gcuirtear chun feidhme iad, maidir le gach comhalta de na hinstiúidí agus dá bhfoirne, agus, chomh maith leis sin, tá siad faoi réir rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint, a leagtar síos i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 ⁽⁹⁾ agus (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ⁽¹⁰⁾. Mura gcomhlíonann siad na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Coimisiún gach beart is iomchuí a ghlacadh.

*Airteagal 13***Trédhearcacht**

1. Clárófar an Líonra um Chosc agus a fhoghrúpaí ar Chlár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus ainmneacha eintiteas eile den saghas céanna ('an Clár de Ghrúpaí Saineolaithe').
2. A mhéid a bhaineann le comhdhéanamh an Líonra um Chosc agus a fhoghrúpaí, foilseofar na sonraí seo a leanas ar an gClár de Ghrúpaí Saineolaithe:
 - (a) ainmneacha údaráis inniúla na mBallstát;
 - (b) ainmneacha na ndaoine aonair a cheapfar i gcáil phearsanta;
 - (c) ainmneacha na n-eagraíochtaí is comhaltaí; nochtfar an leas a ndéantar ionadaíocht air trína fhoilsiú sa Chlár Trédhearcachta de ghrúpaí saneolaithe;
 - (d) ainm na n-eintiteas poiblí seachas údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis tríú tíortha, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;
 - (e) ainmneacha na mbreathnóirí.
3. Gach doiciméad ábhartha, lena n-áirítear na cláir oibre, na miontuairiscí agus aighneachtaí na rannpháirtithe, cuirfear ar fáil ar an gClár de Ghrúpaí Saineolaithe iad nó trí nasc ón gClár de Ghrúpaí Saineolaithe chuig suíomh gréasáin tiomnaithe, áit ar féidir an fhaisnéis sin a fháil. Ní bheidh rochtain ar shuíomhanna gréasáin tiomnaithe coinníollach ar chlárú úsáideoirí ná ar aon srian eile. Go sonrach, foilseofar an clár oibre agus doiciméid chúlra ábhartha eile in am trátha roimh an gcrúinniú, agus foilseofar na miontuairiscí go tráthúil ina dhiaidh sin. Ní fhéadfar eisceachtaí ó fhoilsiú a dhéanamh ach i gcás ina meastar go ndéanfaidh nochtadh doiciméid dochar do chosaint leasa phoiblí nó phríobháidigh mar a shainítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾.

*Airteagal 14***Liúntas speisialta**

1. I bprionsabal, ní íocfar rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an Líonra um Chosc agus a fhoghrúpaí as na seirbhísí a sholáthraíonn siad, gan dífeall a dhéanamh do mhíreanna 2 agus 3.
2. Beidh comhaltaí den Líonra um Chosc agus dá fhoghrúpaí, ar daoine aonair iad a cheapar i gcáil phearsanta, i dteideal liúntas speisialta a fháil lena gcúiteofar iad as a gcuid oibre ullmhúcháin agus as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(3), pointí (b) go (i), arna n-eagrú ag an gCoimisiún, agus as bheith ag fónamh mar rapóirtéir ar cheist shonrach.

⁽⁹⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj>).

⁽¹⁰⁾ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj>).

⁽¹¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj>).

3. Is é a bheidh sa liúntas speisialta suas le EUR 450 in aghaidh gach lae oibre iomláin a chaitear ag tabhairt cúnamh don Choimisiún. Íocfar é i gcomhréir le hAirteagal 21 de Chinneadh C(2016) 3301 agus laistigh de theorannacha na leithreasuithe atá ar fáil arna leithdháileadh ar ranna ábhartha an Choimisiúin faoin nós imeachta bliantúil chun acmhainní a leithdháileadh.

Airteagal 15

Caiteachas a chomhlíonadh

1. Aisíocfaidh an Coimisiún speansas taistil, cóiríochta agus, i gcás inarb iomchuí, speansas cothaithe arna dtabhú ag rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an Líonra um Chosc agus a fhoghrúpaí.
2. Déanfar gach aisíocaíocht i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm laistigh den Choimisiún agus laistigh de theorannacha na leithreasuithe atá ar fáil arna leithdháileadh ar ranna ábhartha an Choimisiúin faoin nós imeachta bliantúil chun acmhainní a leithdháileadh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

Magnus BRUNNER

Comhalta den Choimisiún